Curaclam na Bunscoile

Do pháiste ag foghlaim

Treoirlínte do thuismitheoirí

Curaclam na Bunscoile

Do pháiste ag foghlaim

Treoirlínte do thuismitheoirí

Fáilte 2

Curaclam na Bunscoile 4

Luathoideachas na bpáistí 10

Cad is féidir liom a dhéanamh chun cabhrú le mo pháistí 12

Na hábhair

Teanga 16

Matamaitic 22

Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta 26

Oideachas ealaíon 30

Corpoideachas 34

Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte 36

Gnéithe áirithe eile a mbíonn spéis ag tuismitheoirí iontu 40

Fáilte

Tugann Curaclam na Bunscoile aitheantas do ról lárnach na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí. Leanann sé mórleasú ar churaclam na bunscoile agus eisíodh é ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta i mí Mheán Fómhair 1999.

Tá an leabhrán **Do pháiste ag foghlaim** á dháileadh ar thuismitheoirí pháistí bunscoile chun cabhrú leo cur le foghlaim a bpáistí ar an mbealach is éifeachtaí. Tá ceithre phríomh-aidhm aige:

- tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin gcuraclam—céard atá nua ann agus cá luíonn an bhéim nua
- tuismitheoirí a spreagadh le tacaíocht a thabhairt d'obair na scoile i múineadh an churaclaim agus chun roinnt bealaí a thaispeáint inar féidir leo cabhrú chun é seo a dhéanamh
- béim a chur ar thábhacht foghlaim páistí ó na blianta tosaigh
- léiriú do thuismitheoirí cuid de na bealaí inar féidir leo cabhrú lena bpáistí foghlaim ag baile, agus go háirithe conas tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim i gcodanna difriúla den churaclam.

Tábhacht na dtuismitheoirí i bhfoghlaim páistí

Tá sé aitheanta go forleathan go bhfuil ról lárnach ag tuismitheoirí in oideachas a bpáistí. Is iad na tuismitheoirí céad mhúinteoirí, a bpáistí agus is leis na tuismitheoirí atá na naisc shóisialta, phearsanta agus mhothúcháin is gaire. Tá tionchar cumhachtach ag an aire agus an aird a fhaigheann páistí óna dtuismitheoirí mar aon leis an sampla a thugtar dóibh ar a bhforbairt.

An baile agus an scoil

Cuireann scoileanna éifeachtacha tionchar an bhaile ar fhoghlaim a bpáistí san áireamh agus forbraíonn siad ar an taithí a thugann na páistí isteach sa scoil leo. Sa scoil, bíonn ról lárnach ag an múinteoir in úsáid na taithí sin chun riachtanais fhoghlama na bpáistí a aithint agus chun taithí fhoghlama a chur ar fáil ar fearr a chuirfidh a bhforbairt chun cinn.

Tá sé tábhachtach naisc láidre a bhunú idir tuismitheoirí, múinteoirí agus scoileanna chun go n-éireodh chomh maith agus is féidir le hoideachas na bpáistí.

Cén chaoi ar cheart dom an leabhrán seo a úsáid?

Tá go leor cúinsí éagsúla ag baint leis an gcaoi a maireann teaghlaigh dhifriúla, agus b'fhéidir go mothódh tuismitheoirí nach féidir leo na moltaí ar fad sa leabhrán seo a leanúint. Níl sé i gceist go leanfadh na tuismitheoirí go léir na moltaí ar fad. Is é an rud is tábhachtaí ná iarracht a dhéanamh na moltaí a bhfuil tú compordach leo a úsáid, agus taitneamh a bhaint as bheith ag breathnú ar do pháiste ag foghlaim.

Curaclam na Bunscoile

Críochnaíodh an mórleasú deireanach de churaclam na bunscoile i 1971. Tá go leor athruithe le sonrú in Éirinn ó shin—sa chaoi a mairimid, inár ndearcaí, sna rudaí a mbímid ag súil leo, agus i mbrú oibre agus saoil. Sa lá atá inniu ann tá riachtanais oideachais an-difriúil ag ár bpáistí, agus tá Curaclam na Bunscoile deartha chun freastal ar na riachtanais sin.

Caitheann an curaclam súil ar leith ar an bpáiste agus ar an oideachas. Sa dearcadh seo

- déantar ceiliúradh ar an bpáiste mar dhuine ar leith
- déantar iarracht féidearthachtaí an pháiste a fhorbairt go hiomlán.

Sa dá phrionsabal sin tá fís speisialta den pháiste mar fhoghlaimeoir. Chun an fhís seo a chur i bhfeidhm cuireann an curaclam réimse leathan de thaithí fhoghlama ar fáil a chuidíonn leis an bpáiste eolas ar leith a fháil, mar aon le tuairimí agus scileanna a chuirfidh a f(h)orbairt chun cinn ag gach céim.

Tá an curaclam leagtha amach ina seacht n-achar curaclaim, mar a léiríonn an tábla ar an gcéad leathanach eile. Is ábhar amháin atá i gcuid de na hachair agus tá níos mó ná ceann amháin in achair eile. Tá dhá ábhar déag ann san iomlán.

An Curaclam

Teanga

Gaeilge Béarla

Matamaitic

Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE)

Stair Tíreolaíocht Eolaíocht

Oideachas ealaíon

Amharcealaíona Ceol Drámaíocht

Corpoideachas

Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS)

* Oideachas reiligiúnach

*Is é dualgas na n-údarás éagsúil eaglasta i gcónaí curaclam in oideachas reiligiúnach a sholáthar.

An páiste mar fhoghlaimeoir

Is í an ghné is suntasaí de Churaclam na Bunscoile (1971) gur chuir sé an páiste i lár an phróisis fhoghlama. Curaclam páiste-lárnach a bhí ann.

Coimeádann Curaclam na Bunscoile (1999) an ghné rí-thábhachtach sin ach díríonn sé ar an bpáiste mar fhoghlaimeoir. Leagann sé amach go mion céard ba chóir don pháiste a fhoghlaim agus conas is féidir leis an bpáiste é a fhoghlaim go héifeachtach. Leagann sé béim mhór freisin ar ghrá don fhoghlaim a spreagadh i bpáistí agus cur ar a gcumas an cumas foghlama a fhorbairt trína saol.

Is fearr a fhoghlaimíonn páistí …

… nuair atá siad páirteach go gníomhach i bhfoghlaim, is é sin, ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí atá suimiúil agus a spreagann iad

tugann foghlaim ghníomhach tuiscint níos iomláine den rud atá foghlamtha do pháistí agus cabhraíonn sí leo í a mheabhrú

… nuair a mhothaíonn siad gur éirigh leo i bhfoghlaim

nuair a éiríonn le páistí i bhfoghlaim cruthaíonn sé mothúchán de chur i gcrích, ardaíonn sé a muinín agus a bhféinmheas, agus cothaíonn díogras iontu i dtuilleadh a fhoghlaim

… nuair a dhúisíonn foghlaim fiosracht agus a stiúrann sé a mothú iontais

cuireann fiosracht agus mothú iontais na siocair is fearr agus is nádúrtha ar fáil don fhoghlaim.

Tugann na hábhair go léir sa churaclam ugach i gcomhair gníomhaíochtaí foghlama a chinnteoidh go mbeidh an fhoghlaim suimiúil, taitneamhach agus spreagúil.

Céard air a gcuireann an curaclam béim?

An páiste aonair

Níl aon bheirt pháistí mar a chéile. Cuireann an curaclam béim ar fhéiniúlacht gach uile pháiste, ina measc páistí le riachtanais oideachais speisialta.

Scileanna

Forbraítear scileanna i ngach ábhar. San áireamh tá, mar shampla, an scil a theastaíonn i gceol chun port simplí a sheinm, nó i léitheoireacht, an scil a bhaineann le grúpaí áirithe litreacha a chomhcheangal le fuaimeanna ar leith.

Arís ar ais, spreagann an curaclam forbairt príomhscileanna mar thabhairt faoi deara, cheistiú, thuar, anailísiú, iniúchadh, fhiosrú, thionscnaimh, agus chumarsáid. Cinntíonn na scileanna seo gur féidir le páistí gach a bhfoghlaimíonn siad a úsáid i ndálaí nua.

Coincheapa a fhorbairt

Le linn dóibh a bheith ag fáil eolais cabhraítear le páistí coincheapa a fhorbairt, is é sin tuairimí nó smaointe ginearálta. Cuidíonn seo leo ceangal a dhéanamh idir phíosaí eolais comhghaolmhara. Mar shampla, sa mhatamaitic foghlaimíonn na páistí an coincheap gurb ionann méadú agus suimiú a dhéanamh arís agus arís eile (is ionann 4 X 3 agus 4+4+4).

Bealaí éagsúla foghlama

Foghlaimíonn páistí ar bhealaí éagsúla. Molann an curaclam éagsúlacht mhór i gcur chuige agus modheolaíocht a fheilfidh do stíleanna éagsúla foghlama. Mar aon leis sin, molann sé foirmeacha difriúla d'eagrú ranga, mar shampla múineadh ranga iomláin, foghlaim i ngrúpaí, agus foghlaim i mbeirteanna.

Céard air a gcuireann an curaclam béim?

Ag obair le chéile chun foghlama

Oibreoidh an múinteoir le páistí i spreagadh agus i dtreorú a bhfoghlaim, ach foghlaimeoidh páistí freisin trí oibriú lena chéile. Spreagtar páistí trí thuairimí agus smaointe a chéile a chloisteáil, agus tríd an seans a bheith acu freagairt dóibh. Tugann obair le chéile páistí i dteagmháil le tuairimí agus dearcaí a d'fhéadfadh a bheith ag duine eile ó thaobh faidhbe nó dála. Beidh na tuairimí seo mar íomhá ar phearsantachtaí éagsúla agus ábaltacht ar leith bhaill eile den ghrúpa, agus cruthaíonn siad malartú gníomhach tuairimí. Cuideoidh sé seo le tuiscint an pháiste aonair a leathnú agus a dhoimhniú. Mar bharr air sin, cuidíonn an taithí ar obair le chéile le forbairt shóisialta agus phearsanta an pháiste.

Tábhacht na teanga

Chomh maith le bheith ag foghlaim Béarla agus Gaeilge, foghlaimíonn páistí trí mheán na teanga. I bhfocail eile, trí fhocail agus nathanna nua a fhoghlaim foghlaimíonn páistí coincheapa agus tuairimí nua. Mar shampla, do pháiste óg is ionann brí an fhocail athair agus ball den teaghlach. Níos déanaí tuigfidh an páiste go bhfuil a leithéid de dhuine ann agus athair agus go bhfuil brí éagsúil ag an bhfocal sin, mar shampla athair atá ina shagart, athair céile, duine athairiúil, agus mar sin de. Seo sampla an-simplí den chaoi a bhfoghlaimíonn páistí trí mheán teanga. Meastar go bhfuil labhairt agus plé agus úsáid na teanga lárnach don fhoghlaim i ngach achar curaclaim.

Litearthacht agus uimhearthacht

Tá litearthacht, is é sin an fheidhm léitheoireachta agus scríbhneoireachta, agus uimhearthacht, is é sin an fheidhm uimhreacha a thuiscint agus a úsáid, riachtanach d'fhoghlaim éifeachtach agus thar a bheith riachtanach chun dul chun cinn a dhéanamh sa saol. Is í forbairt na scileanna léitheoireachta an aidhm bhunúsach sa chur chuige don litearthacht, agus a chinntiú go dtuigfidh agus go n-úsáidfidh an páiste uimhreacha ina aidhm bhunúsach do churaclam na matamaitice.

An timpeallacht

Tá timpeallacht na bpáistí féin, is é sin an domhan thart timpeall orthu, fíor agus ar eolas acu. Is mó an bhrí agus an éifeacht a bhíonn ag an bhfoghlaim nuair is féidir le páistí comhghaol a aithint idir gach a bhfuil cleachtaithe acu agus atá ar eolas go maith acu. Mar shampla, le linn a bheith ag fiosrú na timpeallachta áitiúla sa tíreolaíocht, d'fhéadfadh na páistí sruthán a scrúdú agus a leithead agus a dhoimhneacht, luas an uisce, fásra ar na bruacha a bhreacadh síos.

Taithí phraiticiúil

Cuidíonn úsáid agus láimhsiú ábhair, ar nós gléasanna áirimh agus coirníní sa mhatamaitic, nó uirlisí agus gléasanna ón am a caitheadh sa stair, le páistí a dtuiscint ar rudaí i dtaithí phraiticiúil a fhréamhú.

Curaclam comhtháite

Spreagtar na páistí chun ceangal agus nasc a dhéanamh idir gach a bhfoghlaimíonn siad sna hábhair agus sna hachair churaclaim éagsúla. Mar shampla, nasctar tomhais teochta sa tíreolaíocht, nuair a thuairiscítear teochtanna os cionn agus faoin reophointe, le huimhreacha deimhneacha agus diúltacha sa mhatamataic.

Measúnú

Feictear an measúnú mar chuid lárnach de mhúineadh agus d'fhoghlaim agus cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le léargas shoiléir a bheith ag tuismitheoir ar dhul chun cinn a pháistí. (Féach an rannóg ar mheasúnú, leathanach 43.)

Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC)

Is cuid thábhachtach de shaol an lae inniu í teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide. Féachtar ar TEC, go háirithe úsáid ríomhairí, mar uirlis fhoghlama ar féidir léi tacaíocht thábhachtach a thabhairt don fhoghlaim.

Luathoideachas na bpáistí

Céard í an fhoghlaim?

Is féidir a rá gur foghlaim í aon taithí a chuireann le forbairt an pháiste. Leis an tuiscint seo, tosaíonn an fhoghlaim roimh bhreith, agus bíonn an ráta foghlamtha níos tapúla sna blianta luatha ná ag aon am eile i saol an pháiste. Is cuid de thaithí gach lá radhairc nua, fuaimeanna nua, blasanna nua, agus mothúcháin nua. Forbraíonn an páiste óg freisin caidreamh le tuismitheoirí, deartháireacha agus deirfiúracha, agus daoine eile a thugann cuairt ar an teach go minic.

Foghlaim is luaithe an pháiste

Tosaíonn foghlaim is luaithe an pháiste trí na céadfaí, i rudaí a láimhsiú, agus i bhfoghlaim conas gluaiseacht, ag úsáid an choirp ar bhealaí éagsúla. Seo cuid den phróiseas trína bhfoghlaimíonn an páiste faoi nó fúithí féin agus faoi dhaoine grámhara eile. Treoraíonn sé chuig fás de réir a chéile i dtuiscint an pháiste ar an domhan.

An rud is tábhachtaí ar fad, foghlaimíonn an páiste go leor den teanga ag an gcéim seo. I dtús ama, chun labhairt, úsáideann an páiste teanga chun rudaí a ainmniú agus cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí simplí. De réir a chéile tuigeann agus foghlaimíonn sé nó sí níos mó trí bheith ag éisteacht agus ag labhairt le tuismitheoirí, deartháireacha agus deirfiúracha, agus daoine eile.

Agus é nó í ag súgradh, úsáideann an páiste teanga chun cur síos ar céard atá ar siúl agus é a mhíniú dó nó di féin agus do dhaoine eile. Agus teanga á húsáid ar an gcaoi seo, cuidítear leis an bpáiste an domhan a thuiscint agus mar a shocraíonn sé nó sí isteach ann.

Tá tionchar ollmhór ag an gcumas labhartha agus a thuiscint cad a deir daoine eile i bhfoghlaim ghinearálta an pháiste. Cé go bhfoghlaimítear go leor tríd na céadfaí agus trí thaithí fhisiceach, bíonn teanga an-tábhachtach i gcuidiú leis an bpáiste an t-eolas seo ar fad a ainmniú, a shórtáil, agus a rangú.

Tarlaíonn go leor den fhoghlaim seo trí theagmháil lá i ndiaidh lae sa bhaile. Tosaíonn sé, i dtús báire, mar gheall ar chumas iontais agus fiosrachta an pháiste faoina t(h)impeallacht. Ach ina dhiaidh sin féin, is féidir labhairt le páistí, súgradh leo agus iad a spreagadh ról gníomhach a imirt san fhoghlaim. Is féidir le tuismitheoir agus le daoine eile cabhrú le foghlaim luath an pháiste trí neart ama a cheadú i gcomhair cainte, comhrá, agus súgradh.

Cad is féidir liom a dhéanamh chun cabhrú le mo pháistí foghlaim sula dtéann siad ar scoil?

Labhairt agus éisteacht

- labhair le do pháistí agus spreag chun labhartha iad
- éist leo agus bíodh meas agat ar a ndeir siad
- labhair leo faoina dtarlaíonn i gcláir theilifíse a fheiceann tú leo

Scéalta, léitheoireacht, agus leabhair

- léigh agus inis scéalta, abair rainn do pháistí agus dánta dóibh, agus spreag iad chun labhairt faoina gcloiseann siad
- spreag iad chun scéalta a insint agus rainn agus dánta a athrá
- déan cinnte go bhfuil leabhair sa bhaile (leabhair pictiúir, leabhair pictiúir le ceannscríbhinní, leabhair scéalta simplí) agus spreag na páistí chun iad a láimhsiú, breathnú tríothu agus labhairt fúthu

Súgradh agus gníomhaíocht

- spreag na páistí i súgradh samhlaíoch agus bí ag súgradh leo.
- imir cluichí a mbaineann gníomhaíocht fhisiceach leo le do chuid páistí.
- tabhair cead dóibh imirt le huisce, gaineamh agus ábhair eile.
- déan páirteach iad i ngníomhaíochtaí timpeall na cistine, agus spreag iad chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí seo agus labhairt fúthu

An timpeallacht

- tabhair ar shiúlóidí iad agus taispeáin agus ainmnigh bláthanna, crainn agus nithe eile ina gcuireann siad suim
- taispeáin agus labhair faoi rudaí i gceantar cathrach ar nós comharthaí, ainmneacha, cineálacha siopaí, dealbha agus séadchomharthaí

Ceol agus ealaín

- abair amhrán dóibh agus leo agus spreag iad chun amhránaíochta
- imir cluichí amhránaíochta leo
- seinn ceol dóibh, abair leo bos a bhualadh agus damhsa leis an rithim, agus labhair leo faoin gceol
- spreag iad chun pictiúir a tharraingt agus labhairt fúthu, agus bíodh a bpictiúir agus a gcuid líníochtaí ar taispeáint sa teach.

Conas is féidir liom cabhrú le mo pháistí nuair a théann siad ar scoil?

Léiríonn taighde a rinneadh le déanaí ceangal láidir idir an gcaoi a n-éiríonn le páistí sa scoil agus an saghas tacaíochta is féidir le tuismitheoirí a thabhairt. Cuireann torthaí na taighde béim ar roinnt nithe tábhachtacha is féidir leatsa mar thuismitheoir a dhéanamh chun cabhrú le do pháistí ionas go n-éireoidh go maith leo ar scoil.

Do pháiste agus an scoil

- cuir suim i ndul chun cinn do pháiste ar scoil
- labhair leo faoina dtarlaíonn ar scoil
- labhair leo faoina bhfuil siad ag foghlaim
- cabhraigh leo a n-obair bhaile a dhéanamh ar bhealach feiliúnach (féach an rannóg ar obair bhaile gar do dheireadh an leabhráin seo.)

A bhfuil tú ag súil leis

- bíodh súil agat go n-éireoidh go maith leo ach a laigí agus a láidreachtaí a aithint i gcónaí
- mol iad agus tabhair ugach dóibh

Páistí a spreagadh agus a bhféidearthachtaí a leathnú

- léigh do do chuid páistí agus inis scéalta dóibh, agus spreag iad chun labhairt faoi na pearsana sna scéalta agus gach a dtarlaíonn dóibh
- tabhair do pháistí ar thurais, chuig ceolchoirmeacha, drámaí (orthu sin a léiríonn grúpaí neamhghairmiúla áitiúla), agus bí páirteach leo i ngníomhaíochtaí caitheamh aimsire éagsúla

Teagmháil leis an scoil

- bíodh caidreamh gníomhach agus cabhrach agat leis an scoil
- bíodh cumarsáid rialta agat le múinteoirí ranga do pháistí
- bí rannpháirteach leo agus i láthair ag gníomhaíochtaí scoile.

Conas is féidir liom tacaíocht a thabhairt chun an curaclam a chur i bhfeidhm sa scoil?

Ról an tuismitheora a chur i bhfeidhm

Is féidir le tuismitheoirí cur go mór le hoideachas a bpáistí sa scoil. Seo é an fáth ar tugadh ról ar leith dóibh i dtacaíocht agus i gcur i bhfeidhm an churaclaim.

Tabharfaidh an plean scoile le fios bealaí ar féidir le tuismitheoirí a bheith páirteach i bpleanáil eagraithe don churaclam. Mar chuid de seo d'fhéadfaí socrú a dhéanamh go dtiocfadh seanathair nó seanmháthair chun caint leis an rang faoina t(h)aithí ar an am atá thart, mar chuid den churaclam staire. D'fhéadfaí freisin go nglacfadh tuismitheoirí páirt i gcabhrú chun gníomhaíochtaí taobh amuigh den scoil a eagrú agus cinnireacht a dhéanamh, mar shampla in iniúchadh na timpeallachta áitiúla.

Chomh maith le guth a bheith acu i bpleanáil eagraithe, tá go leor bealaí eile ar féidir le tuismitheoirí cuidiú leis an gcuraclam a chur i bhfeidhm go héifeachtach. D'fhéadfá

- cuairt a thabhairt ar an scoil chun obair do pháistí a fheiceáil ar taispeáint
- an scoil a choinneáil ar an eolas faoi aon taithí nó deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag do pháiste le déanaí
- cabhrú leis an scoil chun timpeallachtaí áitiúla, foirgnimh agus gnéithe eile sa cheantar a aithint a bhféadfadh baint a bheith acu leis an gcuraclam, mar shampla sruthán, gnéithe tí, droichead
- áiteanna agus imeachtaí lena mbaineann stair áitiúil a aithint
- tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Gaeilge sa scoil
- nithe a thabhairt ar iasacht don scoil a léiríonn gnéithe de do shaol agus do thaithí féin agus saol agus taithí do thuismitheoirí, mar shampla seanghriangraif nó uirlisí nach bhfuil in úsáid a thuilleadh
- cabhrú le tuismitheoirí eile agus baill den phobal ar ceoltóirí agus ealaíontóirí iad a ghríosú le bheith gníomhach i ngníomhaíochtaí scoile
- a bheith i láthair ag imeachtaí ceoil scoile agus ranga

  cabhair a thairiscint le heagrú agus maoirseacht leabharlann na scoile
- cabhair a thairiscint le heagrú aonaigh leabhar agus imeachtaí eile a bhaineann le teanga.

Conas is féidir liom cabhrú le mo pháistí sa bhaile sna hábhair éagsúla?

Tá go leor rudaí is féidir leat a dhéanamh sa bhaile chun cabhrú le do pháistí i ngach achar curaclaim.

Léiríonn an rannóg seo a leanas den leabhrán an bhéim nua sna hachair curaclaim agus sna hábhair curaclaim, agus molann sé roinnt bealaí inar féidir leat cuidiú le foghlaim do pháistí.



Ag léamh agus ag labhairt le chéile

Gaeilge

Tuismitheoirí na bpáistí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tá béim an-láidir á cur ar labhairt na Gaeilge sa churaclam anois. Mar sin, is é an cumas cumarsáide an sprioc is tábhachtaí atá le baint amach ag an bpáiste. Tá béim nua á cur ar scil na héisteachta, treisiú á dhéanamh ar scil na cumarsáide, agus an dá scil eile, léitheoireacht agus scríbhneoireacht, á gcomhtháthú leo.

Laistigh den seomra ranga beidh na páistí á mealladh chun an Ghaeilge a labhairt agus chun taitneamh a bhaint as an gceacht Gaeilge. Beidh

- tascanna simplí le déanamh
- fadhbanna le fuascailt
- cluichí teanga le himirt
- ról-aithris i suímh shamhlaíocha
- seiftiú agus sceitsí le déanamh
- páirt le glacadh i ndrámaíocht
- téacs suimiúil le léamh ar dhlúthdhiosca (CD-ROM) nó i leabhar
- téacs feidhmiúil nó cruthaitheach le scríobh.

Ba chóir go mbeadh deis ag na páistí ar labhairt go simplí faoi na topaicí a bhfuil spéis acu féin iontu:

- iad féin, a dteaghlach, a gcairde, a gcaitheamh aimsire, agus a bpeataí

Ní bheidh an bhéim chéanna ar léitheoireacht agus ar scríbhneoireacht is a bhíodh, ach ní hé sin le rá nach mbeidh siad ar siúl. Beidh an bhéim athraithe agus beidh na ceithre scil comhtháithe sa teagasc agus san fhoghlaim as seo amach.

Teanga

Conas is féidir le tuismitheoirí cabhrú leis na páistí

Is féidir le tuismitheoirí cabhrú leis na páistí an Ghaeilge a fhoghlaim agus an méid a fhoghlaimíonn siad ar scoil a threisiú:

- trí thacaíocht a thabhairt d'obair na scoile agus d'obair an tseomra ranga
  bheith fabhrach d'obair na scoile sna rudaí a deirtear os ard
- trí thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí Gaeilge sa scoil agus sa cheantar
  ag labhairt Gaeilge leis na múinteoirí agus leis an bpríomhoide sa scoil
  coirmeacha ceoil, drámaí
  freagra a thabhairt don mhéid Gaeilge a úsáidtear ag cluichí peile agus ar ócáidí poiblí eile
- trí dhearcadh dearfach don Ghaeilge a chothú sna páistí
  TG4—féachaint ar chláir oiriúnacha lena bpáistí féin
  scéalta agus amhráin taifeadta a cheannach agus éisteacht leo in éineacht leis na páistí
  físeáin a cheannach agus féachaint orthu i gcomhluadar na bpáistí
  leabhair scéalaíochta agus rann a cheannach do na páistí agus iad a léamh leo agus dóibh
- trí chabhrú leis an obair bhaile
  éisteacht le rainn, le dánta, nó le hamhráin
  topaicí a phlé
  cabhrú le brí a bhaint as píosa léitheoireachta
  scéalta a léamh do na páistí
- trí Ghaeilge a chleachtadh ar ócáidí áirithe sa bhaile
  am bricfeasta, am dinnéir, nó ag dul a luí
- ag úsáid Gaeilge chun cumarsáid a dhéanamh taobh amuigh den scoil
  beannú as Gaeilge do chara ar an teileafón
  seic nó litir nó fiú an seoladh as Gaeilge a scríobh
  teachtaireacht ríomhphoist a chur
- comhairle nó cabhair a thabhairt don scoil le cuairteanna ó scéalaithe áitiúla, ó amhránaithe, ó cheoltóirí nó ó pheileadóirí chun cabhrú le hatmaisféar taitneamhach don Ghaeilge a chruthú sa scoil
- tacú leis an scoil má bhíonn dráma Gaeilge ar siúl
  cabhrú leis na cultacha, leis an gceol, leis an léiriú
- cabhrú le páistí a thabhairt chuig dráma Gaeilge, Slógadh nó feis sa cheantar
- bheith páirteach i ngrúpa tacaíochta chun breis muiníne a chothú in úsáid na Gaeilge
  Scéimeanna pobail á n-eagrú ar fud na tíre ag an bhForas Teanga. Eolas ó (01) 6763222
  Comhluadar chun tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí. Eolas ó (01) 2885894
  na Mamailínigh scéim dheonach i mBaile an tSaoir, Co Bhaile Átha Cliath i gcomhar tuismitheoirí le páistí an-óga
  Muintearas tacaíocht do thuismitheoirí i gConamara. Eolas ó (091) 551412

Béarla na bpáistí

Is fearr a bheidh Béarla na bpáistí má labhraítear teanga an bhaile leo mar chéad teanga.

Mura bhfuil agat ach beagán Gaeilge

Is féidir dearcadh dearfach a thaispeáint don Ghaeilge, fiú mura bhfuil tú féin ró-líofa. Mura bhfuil agat ach eolas bunúsach ar an nGaeilge d'fhéadfá í a úsáid ar bhealaí simplí anois is arís, go háirithe agus na páistí á dtabhairt abhaile ón scoil.

Ba mhaith an rud é do pháistí a spreagadh chun breathnú ar na cartúin ar TG4 ar an Satharn agus ar an Domhnach. Is cuma mura dtuigeann siad an teanga. Is fiú smaoineamh, freisin, go dtuigeann páistí teanga go minic, gan a bheith in ann í a labhairt. Is breá le páistí cartúin, agus beidh tuairim acu faoina bhfuil ag tarlú ó bheith ag féachaint ar na pictiúir agus ag éisteacht leis na seachghlórtha. Bhainfeadh páistí níos sine taitneamh as cláir cheisteanna do pháistí, na cláir chluichí do dhaoine fásta, agus cláir spóirt.

D'fhéadfá freisin díriú ar an nGaeilge sa timpeallacht trí chluichí a imirt le hainmneacha áiteanna, le comharthaí nó le nathanna Gaeilge a fheiceann tú. D'fhéadfadh téacsanna mar seo a leanas a bheith sa bhaile mór, agus d'fhéadfá na comharthaí agus na fógraí a léamh le do pháiste:

Cá bhfeicfeá Go minic anseo, go tapaidh ansiúd?
Céard iad na hainmneacha Gaeilge atá ar chuid de na sráideanna atá ar eolas agat?
Cé mhéad comhartha Gaeilge a chonaic tú inniu?

Is féidir ainmneacha áite agus bailte a úsáid ar an gcaoi chéanna.
Baile, Sráid, Cearnóg, Loch, Contae, Cnoc, Tulach,
Cill (séipéal beag), Dún, Caisleán, Muine, Cluain.

Cabhrú chun go mbeidh an Ghaeilge bainteach leis an saol

Cé go bhfuil Gaeilge feiceálach sna scoileanna, teastaíonn tacaíocht na dteaghlach agus an phobail i gcoitinne ó na páistí taobh amuigh den scoil má tá siad chun í a fheiceáil mar ghné den ghnáthshaol.

Más féidir é a dhéanamh, d'fhéadfadh an teaghlach ar fad dul go dtí an Ghaeltacht sa samhradh. Tá cúrsaí agus cláir saoire éagsúla ar fáil, go leor acu bunaithe ar ghníomhaíochtaí ina nglacann páistí páirt i ranganna teanga ar maidin.

Béarla

Nascann an curaclam Béarla gníomhaíochtaí éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta le chéile chun a chur ar chumas na bpáistí níos mó spriocanna foghlama ginearálta teanga a bhaint amach.

Tábhacht na teanga labhartha

Feictear an teanga labhartha mar ghníomhaíocht teanga a cheanglaíonn gnéithe eile den churaclam le chéile. Sna céimeanna luatha baineann tábhacht mhór le forbairt caidreamh maith idir éisteoir agus cainteoir. Ach tá labhairt, freagairt ceisteanna, ag freagairt ó bhéal do réimse taithí agus ag glacadh páirt rialta i bplé faoin gcuraclam ag gach leibhéal.

An cur chuige i leith na léitheoireachta

Beidh difríochtaí suntasacha sa chur chuige i leith na léitheoireachta le sonrú ar fud na scoile. Is é a thabharfaidh sibhse, na tuismitheoirí, faoi deara ná nach mbeidh eispéiris léitheoireachta bhur bpáistí teoranta don leabhar léitheoireachta ranga amháin. Déanfar iad a spreagadh chun réimse leathan de leabhair dhifriúla a léamh.

Tá sé riachtanach go mbeidh an deis ag páistí taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí léitheoireachta, a bhfuil éagsúlacht agus saibhreas ag baint leo, mar ullmhúchán don léitheoireacht fhoirmiúil. Déanfar na gníomhaíochtaí seo a dhíriú, i dtús báire, ar bhun maith a chur faoi fhoclóir agus faoi chumas úsáid teanga an pháiste. Mar aon le cumas láidir sa teanga labhartha a fhorbairt, beidh teacht ag na páistí ar thimpeallacht shaibhir leabhar sa seomra ranga. Beidh scéalta á léamh dóibh agus beidh deiseanna acu leabhair mhóra le cló mór a léamh i gcomhar leis an múinteoir. I measc na ngníomhaíochtaí eile beidh athrá agus canadh rímeanna, imirt cluichí ina mbeidh focail a dhéanann rím, chomh maith le briseadh focal ina siollaí. Cabhróidh na gníomhaíochtaí seo leis na páistí feasacht ar na fuaimeanna difriúla i bhfocail a fhorbairt. Leagfar béim mhór freisin ar fhorbairt a dhéanamh ar chumas na bpáistí an gaol idir litreacha agus fuaimeanna a aithint.

Beidh an bhéim á cur i rith na mblianta tosaigh ar rannpháirtíocht an pháiste sna gníomhaíochtaí tábhachtacha léitheoireachta seo atá ag teacht chun cinn. Is iad na gníomhaíochtaí seo an bhunchloch ar a dtógfar an léitheoireacht fhoirmiúil, a mbeidh tús á chur léi níos faide anonn, sna naíonáin shinsearacha.

Beidh an teacht atá ag páistí ar leabhair dhifriúla, ó bhlianta na hóige, mar chuid lárnach den léitheoireacht scoile. Déanfar iad a spreagadh chun leabhair a láimhseáil, a bheith sáite iontu agus iad a léamh. Spreagfar iad ó thús ama chun ciall agus brí a bhaint as an léitheoireacht. De réir mar a théann siad in aois beidh réimsí a gcuid léitheoireachta ag leathnú. Spreagfar iad chun freagairt ar bhealaí difriúla don ábhar a léann siad, agus dá réir, scileanna na tuisceana a shaothrú agus léirthuiscint ar a léann siad a fhorbairt. Is ar an mbealach seo a thuigfidh páistí gur gníomhaíocht thaitneamhach agus thairbheach í an léitheoireacht.

Scríbhneoireacht

I gcomhar le bheith ag foghlaim conas léamh, tabharfar ugach do pháistí, ón tús, scríobh ar chúiseanna éagsúla agus le haghaidh lucht léitheoireachta éagsúla. Tá difríocht mhór idir litir buíochais agus scéal a scríobh. Tabharfaidh siad faoi deara freisin conas feabhas a chur ar a gcuid scríbhneoireachta trína plé leis an múinteoir. Ar an gcaoi seo foghlaimeoidh siad conas a gcuid scríbhneoireachta féin a cheartú agus dá bharr sin a bheith ina scríbhneoirí neamhspleácha.

Tá go leor de na moltaí a tugadh níos túisce d'fhoghlaim luath na bpáistí, díreach chomh húsáideach agus a bheidh siad agus na páistí ag dul ar scoil. Is féidir leat cabhrú ar bhealaí eile freisin.

Labhairt agus éisteacht

- tabhair ugach do bhur bpáistí labhairt faoi na rudaí a bhfuil suim acu iontu, faoi ghníomhaíochtaí, agus faoina bhfuil á léamh acu

Leabhair agus léitheoireacht

- ceannaigh leabhair mar bhronntanais: is féidir le leabharlann nó le siopa leabhar comhairle luachmhar a thabhairt faoi na leabhair atá feiliúnach do na leibhéil éagsúla léitheoireachta
- bíodh go leor leabhair ildathacha agus tarraingteacha sa bhaile agus spreag na páistí chun iad a úsáid agus aire mhaith a thabhairt dóibh
- léigh go rialta dóibh
- léirigh suim sa mhéid atá á léamh acu agus mol go hard iad nuair a léann siad
- spreag iad chun nuachtáin a léamh agus labhairt leo faoina léann siad
- téigh in éineacht le do pháistí go dtí an leabharlann áitiúil

Scríobh

- spreag do pháistí chun scríobh chuig cairde pinn
- spreag iad chun dialann a choimeád.

Tá an mhatamaitic ina dlúthchuid de jeabanna timpeall an tí.

Matamaitic

I gcuraclam na matamaitice beidh taithí ag páistí ag gach leibhéal i gcúig shnáithaonad an churaclaim, Uimhreas, Ailgéabar, Cruth agus spás, Tomhais, agus Sonraí. Tá tábhacht mhór fós ag baint le gnéithe traidisiúnta na matamaitice ar nós fíricí uimhris a fhoghlaim de ghlanmheabhair (táblaí). Ach tá béim mhór á cur ar scileanna meastúcháin agus spreagadh á thabhairt do pháistí a oibriú amach cén freagra a d'fhéadfadh a bheith ceart. Leagann an curaclam béim freisin ar réiteach faidhbe réadúla, agus tugtar neart taithí do pháistí i láimhsiú ábhair ar nós meáchain, airgid, leachtanna, coirníní, agus gléasanna áirimh. Beidh na páistí páirteach i ngníomhaíochtaí a chuideoidh leo a thuiscint nach é amháin go bhfuil an mhatamaitic riachtanach do mhaireachtáil laethúil ach gur féidir go leor spraoi a bheith ag baint léi.

Seo roinnt tuairimí a d'fhéadfá a thrial chun cuidiú le foghlaim do pháistí sa mhatamaitic:

Réiteach faidhbe

- Spreag do pháistí chun páirt a ghlacadh i réiteach faidhbe. Gheofá samplaí maithe i leabhair tomhaiseanna simplí. D'fhéadfá iad a áireamh freisin i réiteach fadhbanna a bhaineann go díreach le bhur saol féin. Sampla de seo atá feiliúnach do pháistí sna hardranganna, agus a bhaineann le gnéithe cruth, spás agus tomhais sa churaclam is ea na ceisteanna seo:

  Conas is féidir linn cárta beannachta a dhéanamh?
  Conas a chinnteoimid go rachaidh an cárta isteach sa chlúdach?
  Conas a dhéanfaimid clúdach litreach?

Amhráin agus rímeanna

- Múin rímeanna agus amhráin uimhris do do pháistí atá ar eolas agat féin, agus spreag iad chun na cinn atá foghlamtha ar scoil acu a athrá.

Cluichí

- Imir cluichí cláir leo. San áireamh anseo tá comhaireamh, rudaí a chur in ord, seansanna a thógáil, an coincheap de "roimh" agus "i ndiaidh", agus oibriú amach cé mhéad eile atá ag teastáil. Cuideoidh sé freisin lena bhforbairt teanga.

- Imir cluichí cártaí leo a mbaineann aithint agus dul le chéile uimhreacha leo. Is iad seo cuid de na tuairimí matamaitice is bunúsaí.

An timpeallacht

- Spreag iad chun ainmneacha cruthanna sa timpeallacht a fháil amach. Is féidir leis seo iad a choinneáil gnóthach nuair atá tú stoptha sa trácht i gcarr nó i mbus. Cé mhéad cearnóg a fheiceann tú? Cé mhéad ciorcal atá ann?

Sa bhaile

- Bídís páirteach i meá comhábhair nuair atá bia á ullmhú nó ag tomhais nuair atá tú ag déanamh píosaí beaga oibre timpeall an tí. Is aoibhinn le páistí cabhrú le tomhais nó bheith ag scríobh tomhaiseanna. Bainfidh siad taitneamh as an ngníomhaíocht, agus foghlaimeoidh siad matamaitic i suíomh réadúil.

- Má tá tú ag eagrú cóisir nó béile ar bith is féidir leat na páistí a áireamh in oibriú amach an méid ábhar a bheidh ag teastáil. Cé mhéad duine atá sa bhaile i gcomhair tae inniu? Cé mhéad ispín a theastóidh uainn má thugaimid trí cinn do gach duine? Cé mhéad borgaire a theastóidh uainn? Cé mhéad borróg borgaire?

- B'inmholta deis a chruthú do pháistí airgead a láimhsiú agus a oibriú amach céard is féidir a cheannach le méid áirithe airgid, mar shampla

  Cé mhéad pingin atá i deich bpingine?

  Céard is féidir liom a cheannach le 50p, £1.00, £3.00?

  Cé mhéad bealach ar féidir 14p a chomhdhéanamh?
  5p + 5p + 2p + 2p
  10p + 2p + 2p.

Is féidir le tuismitheoirí agus le páistí foghlaim le chéile faoin am atá thart.

Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE)

Tosaíonn OSIE sna ranganna naíonán.

Is comhdhéanamh de stair, tíreolaíocht agus eolaíocht é an t-oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta. Trí OSIE foghlaimíonn páistí conas an domhan timpeall orthu a thuiscint. Foghlaimíonn siad freisin faoin am atá thart agus faoi mar a rinne sin muide mar atáimid.

Ceann de na gnéithe nua i gcuraclam an OSIE is ea go dtosaíonn páistí ag foghlaim faoi stair, tíreolaíocht agus eolaíocht ó na ranganna naíonán ar aghaidh. Déanann siad seo trína gcúlra baile féin a iniúchadh ar dtús. Tá sé tábhachtach go mbeadh na múinteoirí ar an eolas faoi chúinsí baile ar leith nuair a bhaineann siad seo le hábhar. Níos déanaí, iniúchfar an timpeallacht áitiúil agus ansin an domhan níos leithne. Tá béim mhór á leagan ar chur chuige praiticiúil agus ar scileanna forbartha.

Tá curaclam eolaíochta ann atá tarraingteach d'fhiosracht nádúrtha páistí agus a leagann béim ar fhiosrú phraiticiúil. Foghlaimeoidh siad faoi rudaí beo, fuinneamh agus fórsaí ar nós solas, teas agus maighnéadú, tréithe ábhair éagsúla, agus faoi aire a thabhairt don timpeallacht.

Is féidir leat cabhrú le foghlaim do pháistí in OSIE ar bhealaí difriúla.

Cuairt a thabhairt ar áiteanna

- tabhair do pháistí ar cuairt chuig áiteanna atá suimiúil ó thaobh staire, tíreolaíochta nó eolaíochta de, nuair atá siad san aois chun meas a bheith acu ar an eachtra agus buntáiste a bhaint aisti

Leabhair, bréagáin agus cláir theilifíse

- spreag do pháistí chun leabhair a léamh faoin stair, tíreolaíocht agus eolaíocht
- spreag iad chun spraoi le Meccano, Lego nó fearas ceimice
- aimsigh cláir theilifíse faoin stair, tíreolaíocht agus eolaíocht ar féidir leo féachaint orthu

Na séasúir, plandaí agus ainmhithe

- spreag iad chun go mbeadh a fhios acu faoin gcaoi a mbíonn tionchar ag athruithe sna séasúir ar shaol plandaí agus ainmhithe, agus iad a áireamh in obair sa ghairdín agus le plandaí agus boscaí fuinneoige sa teach
- spreag iad chun suim a bheith acu i bpeataí agus a bheith cineálta leo

Labhairt le daoine níos sine

- cuireadh a thabhairt do na seanaithreacha agus seanmháithreacha agus daoine níos sine sa phobal chun labhairt le páistí faoina saol atá thart

Cabhrú sa scoil

- bí sásta cabhrú leis an scoil má tá saineolas agat

Eolaíocht agus teicneolaíocht

- cabhraigh le páistí a bheith aireach go míníonn an eolaíocht an chaoi a n-oibríonn gnáthrudaí sa teach, mar shampla rothar, carr, an córas uisce, an cuisneoir, sip, fiuchadh uisce
- áirigh páistí i ndearadh agus i ndéanamh rudaí timpeall an tí, mar shampla seilf nó bord éin
- spreag na páistí chun úsáid a bhaint as an ríomhaire (ina measc an t-idirlíon agus ríomhphost) ar bhealaí a chuideoidh lena bhfoghlaim.



Is féidir taitneamh a bhaint as ealaín a dhéanamh le chéile sa bhaile.

Oideachas ealaíon

Mar chuid d'oideachas ealaíon tá amharcealaíona, ceol agus drámaíocht.

Amharcealaíona

Tabharfaidh na hamharcealaíona seans do pháistí iad féin a chur in iúl trí líníocht, péint agus dath, prionta, úsáid dathanna, múnlú i gcré, rudaí a thógáil ag úsáid ábhair éagsúla, agus oibriú le fabraic agus le hábhair éagsúla éadaigh. Chomh maith le hiad féin a chur in iúl ar na bealaí éagsúla seo spreagfar páistí freisin chun freagairt agus imoibriú do phíosaí éagsúla ealaíne.

Ceol

Tá trí shnáithaonad i gcuraclam an cheoil: Éisteacht agus freagairt, Léiriú, agus Cumadóireacht. Éisteoidh páistí le héagsúlacht leathan ceoil agus freagróidh siad dóibh ar bhealaí éagsúla. Casfaidh siad amhráin agus foghlaimeoidh siad conas ceol a léamh, ag úsáid gníomhaíochtaí casadh amhrán. Sa chumadóireacht beidh na páistí páirteach i bhfuaim a iniúchadh trí chead a thabhairt dóibh spraoi le smaointe simplí ceoil, ag úsáid uirlisí éagsúla ceoil. Ar an gcaoi seo spreagfar iad chun a gcumadóireacht féin a chruthú.

Drámaíocht

Corraíonn drámaíocht samhlaíocht na bpáistí ar bhealach corraitheach. Sna céimeanna luatha tugtar faoi mar shúgradh cur-i-gcéill. Bíonn sé bunaithe i gcónaí ar scéal, agus cruthóidh na páistí an dráma trína bhfocail agus a ngníomhaíochtaí féin. Tugann seo bealach difriúil dóibh chun foghlama agus chun eolas a bhaint amach, agus tugann sé léargas agus tuiscint nua dóibh. Is cineál speisialta taithí fhoghlama í an drámaíocht.

Is iad seo a leanas cuid de na bealaí inar féidir leat cabhrú le do pháistí in oideachas ealaíon.

Taithí ealaíonta

- tabhair neart taithí ealaíonta do pháistí, ar nós pictiúir shuimiúla a thaispeáint dóibh agus tabhair leat iad chuig drámaí agus chuig coirmeacha ceoil, ina measc léiriúcháin neamhghairmiúla áitiúla, léirithe scoile, tóstail agus paráideanna taobh amuigh
- spreag na páistí chun iad féin a chur in iúl trí réimse leathan ábhair agus uirlisí a úsáid, ar nós péint, criáin, cré, pinn, pinn luaidhe, agus fabraic
- tarraing a n-aird ar ghnéithe suimiúla den timpeallacht sa bhaile mór agus faoin tuath, mar shampla gnéithe ar leith foirgnimh, ar nós áirse nó feanléas os cionn dorais

Gníomhaíochtaí ceoil

- can le do pháistí agus buail bos le rithim, go háirithe do naíonáin agus páistí óga
- cas amhráin a d'fhoghlaim siad ar scoil in éineacht le do pháistí
- éist le ceol le chéile, gríosaigh iad chun éisteacht go haireach agus labhairt leo faoin gceol
- bídís ag spraoi le huirlisí a dhéanann siad féin, mar shampla piseanna triomaithe a chur i gcanna agus é a chroitheadh le rithim píosa ceoil

An scoil agus an baile

- tabhair seans do pháistí uirlis cheoil a fhoghlaim agus am agus spás a cheadú dóibh chun í a sheinm agus í a chleachtadh
- pléigh a gcuid obair scoile sna healaíona leo agus a cuir ar taispeáint í
- bí i láthair ag imeachtaí ceoil ranga agus scoile
- pléigh a gcuid eispéireas drámatúla ar scoil le do chuid páistí

Súgradh cur-i-gcéill

- gríosaigh iad chun súgradh cur-i-gcéill agus gléasadh suas, agus bailiúchán éadaigh ar féidir leo a úsáid chuige seo a choimeád.

Is féidir le tuismitheoirí páistí a spreagadh le bheith gníomhach.

Saol gníomhach sláintiúil

Cuireann corpoideachas le forbairt iomlán páistí trí chabhrú leo saol iomlán, gníomhach agus sláintiúil a chaitheamh. Tugann sé deis do pháistí freisin foghlaim trí mheán na gluaiseachta agus damhsa. Leagann an curaclam corpoideachais béim ar thábhacht an taitnimh agus an tsúgraidh, agus iarrtar ar na páistí ar fad páirt a ghlacadh sa mhéid gníomhaíochtaí agus is féidir.

Curaclam feiliúnach do na scoileanna ar fad

Leagann an curaclam amach réimse leathan gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a eagrú sna scoileanna ar fad, agus tá sé saor a dhóthain chun go bhféadfadh na scoileanna a gcláir corpoideachais féin a chur in oiriúint dá riachtanais agus dá gcúinsí féin. Athraíonn sé seo ó scoil go scoil, ach beidh an seans ag gach páiste páirt a ghlacadh i réimse meáite de ghníomhaíochtaí fisiceacha. I measc na snáithaonad nua tá gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta agus oiliúint uisce.

Is féidir leat cabhrú le forbairt do pháiste i gcorpoideachas ar go leor bealaí

Saol gníomhach

- bíodh dearcadh deimhneach agat ó thaobh corpoideachais agus spóirt de
- tabhair sampla do do pháistí trí shaol gníomhach a bheith agat, trína dtabhairt ar shiúlóidí, trí pháirt a ghlacadh i spórt agus i gcluichí a imirt leo
- tabhair ar ghníomhaíochtaí eachtraíochta agus lasmuigh iad, ar nós campáil, snámh, agus cuairteanna a thabhairt ar lárionaid eachtraíochta
- cothaigh féinmhuinín do pháistí trí aitheantas a thabhairt do na rudaí ar leith a bhain siad amach i réimse de ghníomhaíochtaí fisiceacha

Cabhrú sa scoil

- cabhraigh le lá spórt sa scoil agus le Lá Sport for All

Damhsa

- spreag iad chun damhsaí Gaelacha agus cineálacha eile damhsaí a fhoghlaim agus a chleachtadh.



Forbraíonn eispéiris chomónta tuiscint ar a chéile.

Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS)

Tábhacht oideachais shóisialta, phearsanta agus sláinte

Baineann oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte le forbairt phearsanta an pháiste agus lena s(h)láinte agus lena leas. Tá sé, mar sin ar ceann de na hachair is tábhachtaí in oideachas an pháiste. Cuidíonn sé le páistí a thuiscint conas aire a thabhairt dóibh féin, agus cothaíonn tuiscint freagrachta dá gcuid gníomhaíochtaí féin iontu.

Scileanna agus dearcadh

Baineann OSPS freisin le cabhrú le páistí scileanna, dearcadh agus féinmhuinín a fhorbairt, rud a thabharfaidh comhlíonadh agus sásamh ina saol. Is páirt thábhachtach de ghníomhaíochtaí ranga agus scoile é, ach tá a spás féin tugtha dó freisin ar an gclár ama.

Cúram agus meas do dhaoine eile

Díríonn OSPS ar thuiscint ar chúram agus meas acu orthu féin agus ar dhaoine eile a fhorbairt, agus ar chabhrú le páistí caidreamh éifeachtach a bheith acu le daoine eile. Cuireann sé iompar sóisialta freagrach chun cinn agus cabhraíonn sé le páistí oibriú le daoine eile i malairt tuairimí a réiteach.

Tuiscint pobail

Trí OSPS forbraíonn páistí an tuiscint go bhfuil siad rannpháirteacht i bpobal. Spreagtar iad chun a gcultúr agus a dtraidisiúin féin a thuiscint agus meas a bheith acu ar chultúir eile, mar aon leis na bealaí éagsúla a maireann daoine.

OSPS agus Oideachas caidrimh agus gnéis (OCG)

Is cuid den OSPS an OCG. Cuirfidh scoileanna cláir ar nós Stay Safe agus Walk Tall ina gclár OSPS chomh maith.

Tábhacht naisc scoile leis an mbaile

Ní féidir OSPS a scaradh ó shaol an pháiste sa bhaile ná ó thionchair an bhaile. Tá sé an-tábhachtach, mar sin, go n-oibreoidh an scoil agus an baile as lámh a chéile chun cabhrú le forbairt shóisialta, phearsanta agus shláinte.

Is féidir le tuismitheoirí cur le forbairt shóisialta, phearsanta agus shláinte an pháiste trí

- iad féin a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil sa chlár OSPS sa scoil agus an chaoi a dtugtar faoina mhúineadh
- a bheith i gcónaí aireach faoin tábhacht a bhaineann le cabhrú le páistí a gcuid luachanna agus dearcadh a fhorbairt
- páistí a spreagadh agus a dhearbhú ina gcuid iarrachtaí
- páistí a spreagadh chun aire a thabhairt dóibh féin trí nósanna maithe glaineachta agus ithe sláintiúil
- béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le go leor aclaíochta a dhéanamh: siúl, rothaíocht, imeacht ar chlár scátaí, snámh, srl.
- an dainséar a bhaineann le míúsáid substaintí éagsúla ar nós alcól agus drugaí a chur ina luí ar pháistí
- cabhrú leo foghlaim faoi na hathruithe a thagann ina gcorp ag céimeanna éagsúla den fhorbairt
- béim a chur ar thábhacht an teaghlaigh, mar ar cheart do dhaoine tarraingt le chéile mar theaghlach, agus mar ar cheart do bhaill an teaghlaigh aire a thabhairt dá chéile
- labhairt le páistí faoi thábhacht an chairdis: chomh tábhachtach agus atá cairde, mar ba chóir a bheith dílis do chairde, mar a thitimid amach le chéile ó am go ham, agus an tábhacht a bhaineann le hiarracht a dhéanamh réiteach le chéile arís, agus na ceachtanna tábhachtacha atá le foghlaim ón réiteach sin
- cabhrú le páistí a bheith páirteach i gcinneadh fhreagrach agus rogha mhaith a dhéanamh
- cabhrú le páistí a bheith san airdeall go bhfuil siad rannpháirteach i bpobal níos leithne in ar chóir dóibh a bpáirt a ghlacadh ann.

Gnéithe áirithe eile a bhfuil spéis ag tuismitheoirí iontu

Páistí le riachtanais speisialta

Cruthaítear ceangal idir na tuismitheoirí sa bhaile agus an scoil nuair a thosaíonn páiste ag dul ar scoil. Is fiontar é an t-oideachas a roinneann siad lena chéile. Tá sé fíor-thábhachtach do pháistí le riachtanais speisialta oideachais go gcothaítear nasc láidir idir an scoil agus na tuismitheoirí. Cruthóidh sé seo timpeallacht shona fhoghlama don pháiste.

Tá sé tábhachtach mar sin go mbeidh caidreamh idir an tuismitheoir agus an scoil. Is tusa is fearr a bhfuil eolas agat ar do pháiste féin. Bíonn a fhios agat má tá rud éigin as bealach nó má tá rud éigin contráilte. Cuireann an scoil fáilte i gcónaí roimh an méid eolais atá agat. Caithfidh an scoil agus an tuismitheoir a bheith de réir a chéile sa chaoi a gcaitheann siad leis an bpáiste chun forbairt iomlán an pháiste a chomhlíonadh. Is féidir leat cabhrú leis an bpáiste na scileanna agus an méid a d'fhoghlaim sé nó sí ar scoil a chleachtadh sa bhaile trí obair i gcomhpháirt leis an scoil.

Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC)

Is cuid thábhachtach de shaol an lae inniu í teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide. Féachtar ar TEC, go háirithe úsáid ríomhairí, mar uirlis fhoghlama ar féidir léi tacaíocht thábhachtach a thabhairt don fhoghlaim. Nuair atá sé feiliúnach, ba cheart do thuismitheoirí páistí a spreagadh chun úsáid a bhaint as an idirlíon, ríomhphost, próiseáil focal agus cláir ríomhairí eile chun cur leis an eolas agus na scileanna a fhaigheann siad ar scoil.

Mura bhfuil aon ríomhaire sa teach is foinse eolais iontach í an leabharlann, áit ar féidir le páistí úsáid a bhaint as ríomhaire ar chúiseanna áirithe. Ba chóir súil a choinneáil i gcónaí ar na páistí agus iad ag brabhsáil ar an idirlíon.

Obair bhaile

Obair bhaile agus foghlaim

Tá sé tábhachtch go mbeadh an-chomhoibriú idir tuismitheoirí agus an scoil maidir le hobair bhaile. Ba cheart polasaí obair bhaile na scoile a shocrú i gcomhar le cumann tuismitheoirí na scoile. Tá páirt ar leith le himirt ag obair bhaile i gcabhrú le páistí chun foghlama. Ba cheart di

- a bheith mar chuid de chlár foghlama atá déanta amach go cúramach
- feidhm a bheith aici cead a thabhairt do pháistí tasc a chríochnú nár críochnaíodh ar scoil, nó seans a thabhairt dóibh an rud a d'fhoghlaim siad i ndálaí eile a chur i bhfeidhm
- a bheith feiliúnach do chumas na bpáistí—ba chóir go mbeidís in ann tabhairt faoi obair bhaile i dtréimhse réasúnta ama
- a bheith mínithe i gceart do na páistí roimh ré
- a bheith ceartaithe ag an múinteoir; ba chóir go gcuirfí san áireamh an iarracht phearsanta chomh maith le caighdeán na dtorthaí.

Ról an tuismitheora

Mar thuismitheoir, tá ról tábhachtach agat chun

- cuidiú le hobair do pháistí
- súil a choinneáil ar a gcuid oibre
- féachaint ar obair chríochnaithe agus í a shíniú.

Tá sé tábhachtach go gcuideoidh tú le do pháistí lena gcuid obair bhaile ar an mbealach is úsáidí. Déan iarracht a chinntiú go ndéanann páistí iarracht macánta a n-obair bhaile a dhéanamh gan chabhair. Má bhíonn deacracht acu ba chóir do chabhair a bheith i bhfoirm leid a thabhairt agus iad a stiúradh i dtreo an tasc atá leagtha amach a chríochnú. Má thugann tú méid réasúnta cabhrach agus nach bhfuil siad fós in ann an tasc a chríochnú is í an chabhair is fearr a d'fhéadfá a thabhairt ná scríobh chuig an múinteoir agus insint dó nó di faoi dheacrachtaí an pháiste.

Roinnt moltaí praiticiúla

Is féidir leat cabhrú ar bhealaí eile freisin trí

- amanna feiliúnacha a leagan amach i gcomhair obair bhaile a dhéanamh a chuireann riachtanais eile, ar nós caitheamh aimsire agus cúinsí an teaghlaigh, san áireamh
- méid réasúnta ama a leagan amach i gcomhair obair bhaile a chinntiú go bhfuil cúinsí cearta fisiceacha ag páistí chun obair bhaile a dhéanamh: am ciúin, bord glan, leabhair chabhracha ar nós foclóirí
- dul i dteagmháil leis an scoil ag céim luath má tá deacrachtaí ag an bpáiste leis an obair bhaile.

Gnéithe áirithe eile a bhfuil spéis ag tuismitheoirí iontu

Téacsleabhair

Feidhm na dtéacsleabhar

Is é feidhm na dtéacsleabhar cabhrú le foghlaim na bpáistí agus cabhrú le múinteoirí spriocanna foghlama an churaclaim a bhaint amach. Leagann an curaclam béim ar obair ó bhéal agus ar fhoghlaim trí dhéanamh. Feicfidh tuismitheoirí, mar sin, comhghaol nua idir téacsleabhair agus foghlaim. Athróidh ábhar na dtéacsleabhar agus an bealach ina bhfuil siad in úsáid. Úsáidfear téacsleabhair mar acmhainn chun tacaíocht a thabhairt don iliomad cur chuige difriúil don fhoghlaim a mholann an curaclam. Seachas a bheith ag brath ar théacsleabhar amháin in achar curaclaim ar leith, d'fhéadfadh an múinteoir réimse leabhar ó leabharlann an ranga a úsáid.

Tabhairt faoi léamh

Beidh an cur chuige do mhúineadh na léitheoireachta, mar shampla, bunaithe ar

- go leor obair ó bhéal agus ar úsáid na teanga go cumarsáideach ar dtús
- taithí a bheith ar thimpeallacht a bhfuil neart téacs inti—neart comharthaí, lipéad, pictiúir le teidil, leabhair, srl.
- stór focal bunúsach le pictiúir a chur le chéile—focail choitianta a bheidh riachtanach do na páistí nuair a thosaíonn siad ag léamh
- eolas ar ghnásanna téacs a fhorbairt
- leabhair mhóra le cló mór a léamh leis an múinteoir i ngrúpa.

I dtaca leis an gcur chuige seo, tosóidh páistí le scéim fhoirmiúil léitheoireachta a úsáid am éigin sna naíonáin shinsearacha de ghnáth.

Achair churaclaim eile

Ar an gcaoi chéanna, moltar gan tosú ar léitheoireacht na Gaeilge roimh rang 2 i scoileanna ina bhfuil Gaeilge mar dhara teanga (T2). Sa mhatamataic, mar gheall ar an mbéim ar obair phraiticiúil, bainfear níos lú úsáide as téacsleabhair de ghnáth, go háirithe sna ranganna ísle.

Sa stair, sa tíreolaíocht agus san eolaíocht tá an bhéim sa churaclam ar an timpeallacht a iniúchadh agus i bhforbairt scileanna ar nós tabhairt faoi deara, fiosrú, féachaint ar fhianaise, tomhais agus taifeadadh. Beidh páistí páirteach i bhfoghlaim trí ghníomhaíochtaí seachas ag foghlaim as téacsleabhair. Mar gheall air seo, athróidh na téacsleabhair san OSIE agus an bealach a mbeidh siad in úsáid. Tá sé tábhachtach go mbeidh tuismitheoirí ar an eolas faoin gcomhghaol nua seo idir téacsleabhair agus an curaclam agus freisin go mbeidh polasaí na scoile maidir le téacsleabhair ar eolas acu.

Measúnú

Céard é measúnú?

Is modh é an measúnú inar féidir le múinteoirí súil a choimeád ar fhorbairt na bpáistí san fhoghlaim. Trí mheasúnú is féidir leis an múinteoir pictiúr a chruthú ar riachtanais fhoghlama an pháiste agus plean don todhchaí a dhéanamh dá réir. Baintear úsáid as measúnú freisin chun páistí a aithint a bhfuil deacrachtaí foghlama acu ionas go bhféadfar tacaíocht agus cabhair a dteastaíonn uathu a thabhairt dóibh.

Cumarsáid le tuismitheoirí

Cabhraíonn measúnú le múinteoirí cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoi dhul chun cinn agus fhorbairt a bpáistí. Cinnteoidh cur chuige de réir córais don mheasúnú go bhféadfaidh an múinteoir tuairisc ar fhoghlaim na bpáistí a chruthú agus pictiúr soiléir a thabhairt do thuismitheoirí faoin gcaoi a bhfuil a bpáistí ag dul chun cinn. Cuidíonn sé freisin le páistí a bheith níos féinmhuiníní mar fhoghlaimeoirí agus scil an fhéinmheasúnaithe a fhorbairt.

Réimse an mheasúnaithe

Déanfar measúnú ar gach achar den churaclam agus ar ghnéithe éagsúla den fhoghlaim. Cuirfidh an measúnú féinmhuinín, iompar an pháiste, idir ghníomhaíocht shóisialta le daoine eile agus réimse leathan eolais, scileanna, dearcadh agus luachanna san áireamh.

Modhanna éagsúla measúnaithe

Moltar úsáid a bhaint as réimse éagsúil d'uirlisí measúnaithe sa churaclam a chuimsíonn idir neamhfhoirmiúil agus fhoirmiúil. Ina measc seo tá

- dírbhreathnú an mhúinteora
- obair ranga agus obair bhaile
- samplaí oibre, bailiúcháin oibre agus tionscadail
- próifílí curaclaim
- trialacha diagnóiseacha
- scrúduithe caighdeánaithe.

Tá sé i gceist i bpleanáil measúnuithe go roghnóidh scoileanna agus múinteoirí na modhanna is fearr a fheileann dá riachtanais ag aon am ar leith. Trí mheasúnú is féidir le múinteoirí a chinntiú go n-éireoidh níos fearr le foghlaim na bpáistí, aon deacracht a d'fhéadfadh a bheith ag páiste a aithint ag céim luath, agus ag an am céanna pictiúr iomlán soiléir a thabhairt do thuismitheoirí faoi dhul chun cinn a bpáistí i ngach achar den churaclam.

Tuilleadh eolais

Tugann an cháipéis seo achoimre ghairid ar Churaclam na Bunscoile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil

- trí fanacht i dteagmháil rialta leis an scoil agus le múinteoirí do pháistí
- trí bheith páirteach i do chraobh áitiúil de Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
- trí léamh an churaclaim: is féidir cóipeanna a fháil i leabharlanna poiblí nó ó

Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance,
Sráid Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01 647 6834/5; Fax 01 475 2760)
nó trí aon díoltóir leabhar

Comhairleoir deartha: Bradley McGurk Partnership
Grianghrafadóireacht: Hugh Glynn, Críostóir Mac Conmara
Arna dhearadh ag: Mute Grab

© Rialtas na hÉireann

Curaclam na Bunscoile

Do pháiste ag foghlaim

Treoirlínte do thuismitheoirí

Tá Curaclam na Bunscoile (1999) ina phointe suntasach in oideachas na hÉireann. Tá sé deartha chun freastal ar riachtanais foghlama páistí sa bhunscoil, chun iad a ullmhú d'oideachas níos déanaí agus chun a chur ar a gcumas saol iomlán a chaitheamh mar dhaoine fásta.

Molann sé ról níos iomláine do thuismitheoirí i gcur le foghlaim a gcuid páistí sa bhaile agus ar scoil. An rud is tábhachtaí ná go leagann sé amach eiseamláir de chomhoibriú idir tuismitheoirí agus scoileanna ar féidir leis a chur go mór le foghlaim páistí.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Ullmhaíodh na treoirlínte seo ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta don Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

National Council for Curriculum and Assessment | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA